Mr Joe McHugh, T.D.
Aire Oideachais agus Scileanna
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1.

27 Samhain 2019

**Tuarascáil an Ghrúpa um Bunú Scoileanna Nua maidir le Pátrúnacht na nIar-bhunscoileanna atá le bunú i Meán Fómhair 2020**

A Aire McHugh, a chara,

Mar bhaill den Ghrúpa thuasainmnithe, tá áthas orainn ár dtuarascáil ar phátrúnacht na sé iar-bhunscoil nua atá le hoscailt i Meán Fómhair 2020 a chur faoi do bhráid.

Leagadh amach an ról a bheadh againn i bhfógra an Aire den 27 Meitheamh 2011. Áiríodh san fhógra sin na critéir agus na socruithe faoina n-aithneofar scoileanna nua agus ról an Ghrúpa um Bunú Scoileanna Nua chun comhairle a chur ar an Aire maidir le pátrúnacht scoileanna nua, tar éis breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil mheasúnachta a d'ullmhaigh Rannóg Pleanála ar Aghaidh na Roinne.

Ar an 19 Lúnasa, 2019, d'iarr an tAire iarratais ar an bpátrúnacht i gcás sé iar-bhunscoil nua atá le bunú i Meán Fómhair 2020: Ba é an 28 Lúnasa 2019 an dáta deiridh le glacadh le hiarratais ó fhorais phátrúnachta is iarratasóra. Ar an 9 Meán Fómhair 2019, cuireadh suíomh gréasáin Chóras an Phróisis Pátrúnachta ar Líne ar fáil beo do thuismitheoirí le go bhféadfaidís a sainrogha maidir le pátrúnacht a chur in iúl. Dhún an córas ar an 4 Deireadh Fómhair 2019.

Rinne Rannóg Pleanála ar Aghaidh na Roinne measúnú ar gach ceann de na sé limistéar pleanála scoile, lena n-áirítear measúnú ar na sainroghanna tuismitheoirí a fuarthas. Tionóladh cruinniú ar an 14 Samhain 2019 le hoifigigh ón Rannóg Pleanála ar Aghaidh chun scrúdú a dhéanamh ar na dréachtmheasúnuithe tosaigh a bhí curtha ar aghaidh chuig an nGrúpa dár mbreithniú.

Bhreithnigh an Grúpa na measúnuithe ar phátrúnacht a rinneadh i dtaca leis na hiar-bhunscoileanna atá le bunú in 2020. Tá an Grúpa sásta a dheimhniú go bhfuil sé den tuairim gur cuireadh na critéir a leag do Roinn amach in 2011 i bhfeidhm ar shlí chothrom thrédhearcach i gcás na n-iarratas a fuarthas.

Ar an mbonn sin táimid sásta go bhfuil na moltaí seo a leanas maidir le pátrúnacht na scoileanna nua ag teacht leis na riachtanais agus na critéir sin, lena n-áirítear an méid éagsúlachta ó thaobh éitis agus teanga theagaisc atá ar fáil/beartaithe faoi láthair sna limistéir pleanála scoile ábhartha/cóngaracha, agus go dtugann siad aird ar leibhéal na sainroghanna tuismitheoirí a fuarthas. Tá an Grúpa sásta na moltaí seo a leanas a dhéanamh duit maidir le pátrúnacht agus teanga theagaisc na scoileanna nua a thosófar i Meán Fómhair 2020.

| Limistéar | Pátrún Molta | Teanga Theagaisc Molta |
|---|---|---|
| Baile Bhlainséir_Thiar_D15 & Sráidbhaile Baile Bhlainséir_D15 (Réiteach Réigiúnach) | Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire | Béarla |
| Iarthar na Cathrach/Teach Sagard (limistéir pleanála scoile Thamhlachta & An Chaisleáin Nua_Ráth Cúil) (Réiteach Réigiúnach) | Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire | Béarla |
| Baile Átha Cliath6_Cluain Sceach / Baile Átha Cliath_6W | Ag Foghlaim Le Chéile | Béarla |
| An Bóthar Buí (limistéar pleanála scoile Chill Choca) | Bord Oideachais agus Oilúna Lú agus na Mí | Béarla |
| Baile na nGabhar_Steach Lorgan_DLR | Ag Foghlaim Le Chéile | Béarla |
| Cill Chomhghaill & Na Clocha Liatha (Réiteach Réigiúnach) | Bord Oideachais agus Oilúna Chill Dara agus Chill Mhantáin | Béarla |

**Rachaidh an Roinn i gcomhairle leis an bpátrún féachaint arbh fhearr freastal ar an éileamh atá ann ar oideachas Gaeilge i nGaelcholáistí atá anois ann nó cibé ar chóir Aonad a bhunú sa scoil nua nó i suíomh oiriúnach laistigh den limistéar/de na limistéir pleanála scoile i dtrácht, agus cathain ar chóir é sin a dhéanamh.*

Sa tuarascáil ar Bhaile Bhlainséir, thug an Grúpa dá aird go raibh éileamh suntasach ar shamhail na pátrúnachta sainchreidmhí a mhol Fondúireacht Ioslamach na hÉireann (29% nó 145 nó mar sin de shainroghanna tuismitheoirí). Chinn an Grúpa an phátrúnacht a bhronnadh ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, ag féachaint go cuí don líon daltaí isteach is gá chun iar-bhunscoil 800 dalta a bhuanú, agus ag cur san áireamh go bhfreastalaíonn samhail an Phobalcholáiste BOO ar an éagsúlacht atá ar fáil i bpobal i suíomh aon-scoile agus ar shlí ionchuimsitheach, ina gcuirtear fáilte roimh mhic léinn ó gach cúlra sóisialta, cultúrtha, creidimh agus neamhchreidimh.

Maidir le Cód Iompair na bPátrún, chuir an Rannóg Pleanála ar Aghaidh in iúl don Ghrúpa gur tharraing baill den phobal ceisteanna anuas leis an Roinn maidir le gníomhaíocht ó fheachtasóirí thar ceann forais phátrúnachta. Tar éis na ceisteanna a tarraingíodh anuas a mheas agus a phlé, agus freagraí na bhforas pátrúnacha a chur san áireamh, agus oibriú an Chóid Iompair ina iomláine, tá an Grúpa sásta nár sáraíodh aon chuid den Chód Iompair.

Bhí cás amháin i limistéar pleanála scoile amháin de mhionsárú ar an teorainn ar chaiteachas arbh fhiú níos lú ná €10 é, os cionn na teorann de €500 atá socraithe sa Chód Iompair. Cé nár mheas an Grúpa go ndearna sé difear do thoradh an phróisis, tá an Grúpa den tuairim go gcaithfidh comhlachtaí pátrúnachta féachaint chuige go gcloítear go docht leis an teorainn ar aon dul leis na paraiméadair athbhreithnithe atá i bhfeidhm don phróiseas seo. Molann an Grúpa go gcuirfí béim ar an ábhar seo le forais phátrúnachta agus go spreagfaí grúpaí cleamhnaithe chun cloí le spiorad an chóid iompair. Theip ar roinnt foras pátrúnachta doiciméid tacaíochta agus/nó soiléiriú ina dhiaidh sin a chur isteach laistigh den tréimhse riachtanach, rud a chuir moill ar an bpróiseas reatha, agus dá bhrí sin molann an Grúpa an fhadhb seo a tharraingt anuas leis na forais phátrúnachta.

In Aibreán 2019, phléigh an Roinn aiseolas agus foghlaim de bharr oibriú an phróisis agus an Chóid Iompair sa chéim threorach maidir le 2019 leis na forais phátrúnachta. Tá sé beartaithe go n-eagróidh an Roinn ceardlann eile in 2020 chun leanúint den phróiseas úsáideach cumarsáide agus aiseolais seo

le páirtithe leasmhara. Cuireann an Grúpa fáilte roimh an chumarsáid atá beartaithe ag an Roinn leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

Chuir an Roinn ceist faoi bhráid an Ghrúpa, ceist a tháinig chun cinn maidir le tionchar theorainneacha na limistéar pleanála scoile ar próisis phátrúnachta agus ar rollú scoile sa todhchaí i gcásanna nuair is eol suíomh na scoile nua agus nuair atá sé gar do theorainn an limistéir pleanála scoile. Bhreithnigh an Grúpa an cheist agus cineálacha cur chuige a d'fhéadfaí a ghlacadh. Níl ábhar na limistéar pleanála scoile laistigh de shainordú teicniúil ról an Ghrúpa mar gheall ar phróisis phátrúnachta, ach tá sé ar aon intinn leis an Roinn nach é an cur chuige is fearr déileáil leis an gceist laistigh ag céim phleanála na bpróiseas pátrúnachta agus go bhféadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe teacht chun cinn agus go mbeadh sé bheith deacair ó thaobh riaracháin é a chur i bhfeidhm.

Ceann de na cuir chuige a pléadh ná gur faoin bpátrún a cheapfar a bheidh sé a shocrú cibé, i gcásanna ina bhfuil suíomh buan scoil nua suite cóngarach do theorainn limistéar pleanála scoile eile, ar chóir limistéar breise clárúcháin tosaíochta a chur leis, ina gcuirtear na tosca geografacha ábhartha san áireamh. Measann an Grúpa gur chóir don Roinn é seo a tharraingt anuas ag ceardlann 2020 do phátrúin le go mbreithneodh na forais phátrúnachta é ar mhaithe le haon athruithe ar phróisis todhchaí a chur i bhfeidhm.

Maidir le tosaíochtaí teanga, tugann an Grúpa dá aird gur léirigh sainroghanna tuismitheoirí i ngach ceann de na sé scoil éileamh ar oideachas Gaeilge ach níor braitheadh gur leor na sainroghanna i gcás ar bith chun bunú Gaelcholáiste a lorg. Sna ceithre limistéar ina mbraitear an t-éileamh a bheith íseal, tugann an Grúpa dá aird gur scrúdaigh an Roinn an soláthar Gaeilge iar-bhunscoile a bhí ar fáil cheana féin sna limistéir pleanála scoile i dtrácht agus i limistéir pleanála scoile láimh leo agus gur mheas an Roinn go mba leor an soláthar reatha chun an t-éileamh a shásamh. Maidir leis an dá limistéar inar braitheadh go raibh sainroghanna tuismitheoirí mar chuid den phróiseas pátrúnachta measartha nó suntasach, tugann an Grúpa dá aird gur scrúdaigh an roinn an soláthar iar-bhunscoile a bhí ar fáil cheana agus na pátrúin aistrithe ó ghaelscoileanna chuig na scoileanna seo agus tá sé sásta go bhfuil i gceist ag an Roinn anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gceist seo agus dul chun cainte láithreach le pátrúin an dá scoil nua féachaint arbh fhearr freastal ar an éileamh sna Gaelcholáistí atá anois ann nó cibé ar chóir Aonad a bhunú sa scoil nua nó i suíomh oiriúnach laistigh den limistéar nó sna limistéir pleanála scoile i dtrácht, agus cathain ar chóir é sin a dhéanamh.

Tugann an Grúpa dá aird freisin go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí ag an Roinn maidir le sainroghanna ar son an oideachais Ghaeilge a chur san áireamh agus fógraíodh roinnt beart le déanaí trína dtabharfar teacht níos mó ar oideachas Gaeilge mar chuid den phróiseas pátrúnachta maidir le bunscoileanna, lena n-áirítear cúig cinn de bhunscoileanna nua atá le bunú ó 2020-2022 a ainmniú ina scoileanna Gaeilge.

Ba mhaith leis an nGrúpa a mbuíochas a ghabháil le Rannóg Pleanála ar Aghaidh na Roinne as bheith dearfach faoi na nithe seo agus admhaímid an tslí shaineolach ghairmiúil ar chuir sí na measúnachtaí sna cásanna atá faoi athbhreithniú faoi bhráid an Ghrúpa.

Is mise, le meas

**Joe Hamill**
**Cathaoirleach:**
**An Grúpa um Bunú Scoileanna Nua**